Polasaí um Riachtanais Speisialta

Tá sainmheon Mheánscoil Gharman gaelach, críóstúil, aireach, tacúil, measúil, spreagúil, fáiltiúil, cuidiúl agus tuisceanach. Tá gach caidreamh bunaithe ar mheas. Tá gach duine sa

chomhluadar scoile luachmhar agus tá sé tábhachtach go bhfaigheann gach duine seans barr a chumais féin a bhaint amach. Tuigimid go gcuireann na difríochtaí idir daltaí le saibhreas agus éagsúlacht an chomhluadair scoile.

Léirimid san oideachas a chuirimid ar fáil go sroicheann gach dalta buaic a chumais féin i dtimpeallacht thaitneamhach, chairdiúil agus nach mbíonn sé ag taobh le hábhair acadúla amháin sa scoil ach go mbíonn teacht aige freisin ar ghnéithe eile den oideachas atá tábhachtach d'fhorbairt an duine.

Tá sé de dhualgas orainn freisin ár bhfreagrachtaí faoin Acht Oideachais 1998,

- An tAcht un Stádas Comhionann 2000,
- An tAcht Oideachais (Leas) 20000,
- Agus an tAcht Oideachais do Dhaoine le Riachtanis Speisialta Oideachais 2004 a chomlíonadh

Leanfaimid na céimeanna seo a leanas:

- ✓ Daltaí a bhfuil riachtanais speisialta orthu a athint agus a mheas a luaithe agus is féidir sa timthriall sóisearach
- ✓ Na háiseanna agus acmhainní a cheadaítear don scoil a úsáid ar bhealach éifeachtach agus cothrom i soláthair oideachais do na daltaí seo
- ✓ A chinntiú go ndéantar freastal ar riachtanais éagsúla na ndaltaí i bpleanáil na n-ábhar éagsúla
- ✓ Dearcadh dearfach i leith na hoibre seo ar fad a chothú i measc na foirne agus béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le moladh agus dearbhú le féinmhuinín na ndaltaí a spreagadh

Ról agus Freagracht:

1. An Bord Bainistíochta:

- Cinntíonn an Bord Bainistíochta go bhfuil an scoil ag comhlíonadh a dualgais reachtúla mar atá leagtha síos sna hachtanna éagsúla maidir le tacaíocht foghlama

2. An Príomhoide
    - Tá freagracht ar an bPríomhoide maidir le reachtáil agus bainistiú na n-acmhainní agus na n-áiseanna, i bpáirt leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.
    - Lorgaíonn an Príomhoide eolas faoi dhaltaí le riachtanais speisialta a bheidh ag teacht go dtí an scoil ionas gur féidir acmhainní a lorg in am.
    - Tugann an Príomhoide eolas don Bhord Bainistíochta agus cinntíonn an Príomhoide go bhfuil na múinteoirí ar fad ar an eolas faoina gcuid dualgais maidir le datlaí a bhfuil riachtanais speisialta orthu.
    - Bíonn an Príomhoide i dteagmháil le gníomhaireachtaí taobh amuigh den scoil
    - Eagraíonn an Príomhoide an Freastal Réasúnta sna scrúduithe stáit
    - Cuireann an Príomhoide iarratas ar an Roinn Oideachais ar achmhainní iomchuí

3. An Comhordaitheoir

- Coinníonn an comhordaitheoir an fhoireann faoin obair atá ar siúl
- Bíonn an comhordaitheoir i dteagmháil go rialta leis an mbainistíocht
- Déanann an comhordaitheoir tástálacha breise do dhaltaí a léiríonn fadhbanna sna ranganna
- Déanann an comhordaitheoir teagmháil le NEPS nó eagraíochtaí seachtracha eile le tuairiscí siceolaíochta a eagrú nó cabhair
- Déanann an comhordaitheoir teagmháil le tuismitheoirí chun ranganna thacaíocht foghlama a phlé. Lorgaítear cead ó thuismitheoirí ligean dá bpáistí freastal ar na ranganna seo.
- Déanann an comhordaitheoir teagmháil leis na bunscoileanna óna dtagann líon mór daltaí le réamheolas a lorg faoi dhaltaí le deacrachtaí foghlama a bheidh ag teacht go dtí an scoil, ionas gur féidir pleanáil dá réir
- Buaileann an comhordaitheoir agus na múinteoirí thacaíocht foghlama le tuistí más gá

4. Cóiríocht Scoile
    - Tá cúpla seomra beag san fhoirgneamh ina mbeidh na ranga thacaíocht foghlama .
    - Coimeádtar na comhaid ar fad in oifig an leaspríomhoide i gcófra daingean, rud a chinntíonn príobháideacht agus rúndacht

Faofa ag an mBord 9/12/2019

Cathaoirleach : Maeve Mc Cauley